Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15862/23**

**DENLEG 59**
**FOOD 89**
**SAN 690**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D092106/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil le haghaidh na suime de 3-monaclórapróipáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D092106/2.

---

Faoi iamh: D092106/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/1984 Rev1
(POOL/E2/2023/1984/1984-R1-EN.docx
D092106/02
[…](2023) XXX dréacht

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil le haghaidh na suime de 3-monaclórapróipáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil le haghaidh na suime de 3-monaclórapropáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia[1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún[2] leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear an tsuim de 3-monaclórapropáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbia.

(2) Le Rialachán (AE) 2020/1322 ón gCoimisiún[3] bunaíodh na huasleibhéil le haghaidh na suime de 3-monaclórapropáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga agus nuair a bunaíodh na huasleibhéil sin, sonraíodh go ndéanfar athbhreithniú orthu d'fhonn iad a ísliú laistigh de 2 bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

(3) In 2018, chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') gurb ábhar imní sláinte é eistir 3-MCPD agus eistir ghlicidile a bheith i láthair in earraí bia áirithe, go háirithe i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga[4].

(4) Le Rialachán (AE) 2020/1322 ón gCoimisiún, bunaíodh na huasleibhéil le haghaidh na suime de 3-monaclórapropáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid

---

1 IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

3 Rialachán (AE) 2020/1322 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil de 3-monaclórapropáindé-ól (3-MCPD) agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha agus d'eistir ghlicidile d'aigéid shailleacha i mbianna áirithe (IO L 310, 24.9.2020, lch. 2).

4 Painéal CONTAM EFSA (Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra), 2018. *Scientific Opinion on the update of the risk assessment on 3-monochloropropanediol and its fatty acid esters* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an nuashonrú ar an measúnú riosca ar 3- monaclórapropáindé-ól, agus a eistir d'aigéid shailleacha]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(1):5083, 48 pp.https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5083

shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga agus rinneadh na huasleibhéil sin a chomhtháthú i Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún.

(5) Léirítear i sonraí tarluithe ó rialuithe arna ndéanamh le déanaí ag na Ballstáit, ar sonraí iad atá ar fáil i mbunachar sonraí an Údaráis do na blianta samplála 2020 - 2022 maidir le leibhéil níos ísle de 3-MCPD agus d'eistir 3-MCPD d'aigéid shailleacha i mbainne foirmle do naíonáin, bainne foirmle leantach do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus bainne foirmle do leanaí óga, gur féidir na leibhéil sin a bhaint amach cheana féin trí úsáid a bhaint as dea-chleachtais. Dá bhrí sin, ba cheart na huasleibhéil sin a ísliú chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir.

(7) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach go dtí go mbeidh na huasleibhéil nua i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh bia a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Eanáir 2025, féadfaidh sé fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*